AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.3.2019
COM(2019) 125 final

2019/0070 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tagraíonn Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[1] ("an Sásra Aontais"), mar aon le forálacha gaolmhara, don imchlúdach airgeadais atá ar fáil chun tacú le cosaint shibhialta faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha (2014- 2020). Ós rud é go bhfuil tréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha ag teacht chun deiridh, ní mór na forálacha sin a leasú chun a áirithiú go leanfar den Sásra a mhaoiniú.

Tá raon feidhme an leasaithe seo teoranta go docht d'fhorálacha buiséadacha Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE agus níor cheart go ndéanfadh sé aon athrú ar an mbunábhar. Tá an leasú atá beartaithe i gcomhréir le togra an Choimisiúin do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 an 2 Bealtaine 2018[2]. Comhfhreagraíonn an méid atá luaite sa togra seo freisin d'uaillmhianachas an Choimisiúin faoi mar atá socraithe aige san athbhreithniú a mhol sé ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU)[3].

Déantar foráil sa togra seo maidir leis an 1 Eanáir 2021 mar an dáta lena theacht i bhfeidhm, agus tá sé curtha in oiriúint d'Aontas ina mbeidh 27 mBallstát, i gcomhréir le rún na Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus ó Euratom.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Déantar foráil leis an togra seo maidir leis na hacmhainní buiséadacha is gá chun tacú le Sásra Aontais neartaithe. Cuireann an Sásra leis an gcuspóir uileghabhálach go gcruthófar "Eoraip a chosnaíonn", cuspóir a leag an Coimisiún amach ina Theachtaireacht faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027[4].

Faoin togra nua, cuimsítear an maoiniú a bhaineann le cosaint shibhialta faoi cheannteideal amháin (Ceannteideal 5 "Slándáil agus Cosaint"), i dteannta cláir eile a bhaineann le cosaint. Cuimseofar faoin gceannteideal sin gnéithe inmheánacha agus seachtracha na cosanta sibhialta.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Leis an leasú atá beartaithe soláthrófar na hacmhainní is gá chun sineirgí a chothú agus chun cur leis an ngaol atá ann cheana idir an Sásra Aontais agus beartais eile de chuid an Aontais.

Áiritheofar de dhroim an leasaithe seo go gcuideoidh an Sásra Aontais acmhainneachtaí an Aontais Eorpaigh a neartú ó thaobh bainistiú riosca tubaiste de (idir tubaistí a chosc agus ullmhacht, freagairt agus téarnamh maidir le tubaistí).

---

1 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924)

2 COM(2018)321 final.

3 COM(2017)772 final.

4 Is é teideal na Teachtaireachta "Buiséad Nua-Aimseartha d'Aontas a chumhdaíonn, a chumhachtaíonn agus a chosnaíonn".

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 196 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí atá leis an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht tacaíochta ag an gCoimisiún i réimse na cosanta sibhialta. Is ar na Ballstáit fós an phríomhfhreagracht chomh fada agus a bhaineann sé le tubaistí a chosc agus le hullmhacht agus freagairt i leith na dtubaistí sin. Bunaíodh an Sásra Aontais ós rud é gur féidir le tubaistí móra acmhainneachtaí freagartha aon Bhallstát, agus é ag gníomhú ina aonar, a threascairt. Is dlúthchuid den Sásra cúnamh mear frithpháirteach dea-chomhordaithe a chur ar fáil i measc na mBallstát.

Tá an leasú seo beartaithe forálacha buiséadacha an chláir a ailíniú leis an togra ón gCoimisiún do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. I bhfianaise chineál teicniúil/airgeadais an leasaithe seo, ní bheidh aon impleacht ná athrú i gceist maidir le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra seo thar an méid is gá chun na cuspóirí sonraithe a bhaint amach. Cuireadh an togra síos chun a áirithiú gur féidir na cuspóirí atá sonraithe a bhaint amach.

Tagann na figiúirí atá molta sa leasú seo leis na figiúirí a fógraíodh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Tá na tograí sin i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Is é is aidhm don togra seo Cinneadh atá i bhfeidhm cheana a leasú. Togra le haghaidh cinnidh atá san ionstraim is ábhartha agus is simplí chun na críche sin.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Togra de chineál teicniúil atá sa togra seo toisc go bhféachann sé le forálacha buiséadacha an Chinnidh a ailíniú leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a glacadh an 2 Bealtaine 2018. Tá bunábhar an togra bunaithe ar an athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU). Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair dá bhrí sin.

Mar sin féin, cuireadh na prionsabail um Rialáil Níos Fearr i bhfeidhm maidir leis an togra bunaidh ón gCoimisiún, ina leagtar amach creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ar an iomlán, agus leis an athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU).

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/BH (féach thuas)

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

N/BH (féach thuas)

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/BH (féach thuas)

- **Measúnú tionchair**

N/BH (féach thuas)

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/BH (féach thuas)

- **Cearta bunúsacha**

N/BH (féach thuas)

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, leithdháileadh EUR 1 400 000 000[5] (i bpraghsanna reatha) chun an Sásra Aontais a chur chun feidhme don tréimhse sin. Comhfhreagraíonn an leithdháileadh buiséadach atá beartaithe don uaillmhianachas atá socraithe san athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (rescEU proposal). A bhuí leis an mbuiséad breise beifear in ann na gníomhaíochtaí a leanas a chur i gcrích:

- acmhainneacht chomhchoiteann na mBallstát agus an Aontais a threisiú chun freagairt ar thubaistí trí chúltaca tiomanta acmhainneachtaí freagartha a chruthú (rescEU);
- cómhaoiniú níos mó (nó nua) a fháil ón Aontas chun acmhainneachtaí atá tiomanta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a chur in oiriúint, a dheisiú, a iompar nó a oibriú;
- béim níos mó ar chosc agus ar fheabhsú na comhsheasmhachta le príomhbheartais eile an Aontais;
- líonra eolais um chosaint shibhialta a chur ar bun; agus
- comhar le tíortha comharsanachta a neartú.

Tugtar tuilleadh sonraí sa ráiteas reachtach agus airgeadais a ghabhann leis an togra seo faoi na himpleachtaí buiséadacha agus na hacmhainní daonna agus riaracháin a bheidh ag teastáil.

[5] COM(2018) 321 final, lch. 29.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá feidhm ag Airteagal 34(2) de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Sonraítear ann go ndéanfar faireachán go rialta ar ghníomhaíochtaí a fhaigheann cúnamh airgeadais chun a gcur chun feidhme a mheas. Cuimsítear ann freisin ceanglais níos ginearálta ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach re bliain faoin dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna atá leagtha síos ó thaobh acmhainneacht a bhaint amach, agus na bearnaí i dtaobh an Díorma Eorpaigh um Chosaint Shibhialta a dhúnadh, ag cur san áireamh bunú acmhainneachtaí rescEU. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin ar chur i bhfeidhm an Chinnidh trí theachtaireacht a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach cúig bliana maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht costais agus cur chun feidhme leanúnach an Chinnidh. Ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar na táscairí dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

N/BH

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní dhéanann an togra seo leasú ach ar fhorálacha buiséadacha Chinneadh Uimh. 1313/2012/AE.

Ní mór an t-imchlúdach airgeadais a luaitear in Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a nuashonrú agus na figiúirí nua dá bhforáiltear i dtogra an Choimisiúin do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a chur ina áit. Ina theannta sin, ós rud é go gcuirfear an Sásra Aontais/rescEU faoi cheannteideal aonair (Ceannteideal 5: ‘Slándáil agus Cosaint’), agus nach ndéanfar é a dheighilt idir cheannteideal 3 agus 4, ba cheart an téacs a leasú dá réir sin.

Tá sé beartaithe freisin sa togra seo Iarscríbhinn I a scriosadh, an Iarscríbhinn lena mbunaítear faoi láthair na céatadáin choibhneasta is ceart do gach colún den Sásra Aontais (cosc, ullmhacht agus freagairt) a fháil ó thaobh maoinithe de ón imchlúdach airgeadais foriomlán. I bhfianaise na n-athruithe a cuireadh chun cinn san athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU), ní léir go n-áirithítear leis na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn I solúbthacht leordhóthanach chun gur féidir leis an Aontas na cuspóirí atá leagtha síos aige a bhaint amach. Le linn éigeandála, bíonn ualach míchuí riaracháin i gceist de dheasca na gcéatadán in Iarscríbhinn I agus d’fhéadfaidís teorainn a chur leis an tsolúbthacht is gá chun aghaidh a thabhairt ar a mbeadh riachtanach i gcás tubaistí in aon bhliain ar leith. Ar aon chaoi, tá an gá infheistíocht a dhéanamh i ngach céim den timthriall bainistithe riosca tubaiste, is é sin cosc, ullmhacht agus freagairt, leabaithe sa Sásra Aontais.

De bhun scriosadh Iarscríbhinn I, ba cheart mír 4, 5 agus 6 d’Airteagal 19 a scriosadh freisin toisc go dtagraíonn siad go díreach do na céatadáin a luaitear in Iarscríbhinn I.

Mar thoradh air sin, déantar leasú ar Airteagal 30 leis an togra maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí arna dtabhairt don Choimisiún. Cé nach bhfuil athrú ar bhunábhar an Airteagail, baineadh na crostagairtí d’Airteagal 19. Níor scriosadh Airteagal 30 ar mhaithe

leis an bhféidearthacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá bhforáiltear san athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU)[6].

[6] COM(2017)772 final.

2019/0070 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 196 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Glac an Coimisiún togra[9] le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta an 23 Samhain 2017[10].

(2) Tá sé d'aidhm leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE, an cumas coiteann i dtaobh ullmhacht agus freagairt maidir le tubaistí a fheabhsú trí chur leis na deiseanna atá ar fáil tríd an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta. Chuige sin, bunófar cúltaca d'acmhainneachtaí cosanta sibhialta lena n-úsáid in oibríochtaí de chuid an Aontais ("rescEU") agus neartófar na bearta is infheidhme i réimse na cosanta.

(3) Tá gá le breis maoinithe ón Aontas chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus chun na costais bhreise ar toradh iad ar dheontais oiriúnúcháin agus ar oibríocht na n-acmhainneachtaí a chuirtear i leataobh don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, chun na costais sin a chumhdach.

(4) Tá gá le leithreasuithe airgeadais leordhóthanacha chun acmhainneachtaí rescEU a bhunú, a chur in úsáid agus a oibriú.

---

7 IO C , , lch. .

8 IO C , , lch. .

9 Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ón gComhairle maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta an 23 Samhain 2017 (COM(2017)722 final)

10 Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

(5) Leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE imchlúdach airgeadais don Sásra Aontais arb ionann é agus an phríomh-mhéid tagartha atá beartaithe chun an caiteachas ar an gclár a chumhdach go dtí deireadh na tréimhse buiséadaí 2014-2020.

(6) Ní mór an t-imchlúdach airgeadais a luaitear in Airteagal 19 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a nuashonrú agus na figiúirí nua dá bhforáiltear i dtogra an Choimisiúin do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 a chur ina áit[11].

(7) De bhun chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, cuirtear na leithreasuithe airgeadais don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta faoi Cheannteideal nua 5 "Slándáil agus Cosaint".

(8) Níl Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE solúbtha a dóthain le go mbeidh an tAontas in ann infheistíochtaí i gcosc, ullmhachta agus freagairt a choigeartú go cuí. Ní mór na leibhéil infheistíochta atá le leithdháileadh ar chéimeanna éagsúla na timthrialla bainistithe riosca tubaiste a chinneadh roimh ré. Ní bhíonn an tAontas in ann freagairt chuí a thabhairt ar an mbainistiú tubaistí, rud nach féidir a thuar, i ngeall air sin.

(9) Ba cheart foráil nua airgeadais a chur in áit fhorálacha airgeadais Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE a thagraíonn d'imchlúdach airgeadais an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá i bhfeidhm faoi láthair (2014-2020). Chun imchlúdach airgeadais an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta a ailíniú leis na figiúirí atá beartaithe do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, ba cheart feidhm a bheith ag pointe (a) d'Airteagal 1(1) ón 1 Eanáir 2021.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) Uimh. 1313/2013/AE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is é EUR 1 400 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an tSásra Aontais don tréimhse 2021 go 2027."

(b) scriostar mír 4, mír 5 agus mír 6.

(2) Leasaítear Airteagal 20a[12] mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas (go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á bpoibliú) trí

[11] COM(2018) 321 final.

[12] Faoin am a meastar a ghlacfar an togra seo, ba cheart an t-athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (an togra rescEU), mar atá mír nua maidir le hinfheictheacht (Airteagal 20a) curtha leis, a bheith i bhfeidhm cheana (teacht i bhfeidhm beartaithe an 21 Márta 2019). I bhfianaise an ghá atá ann teanga na cumarsáide corparáidí a chuíchóiriú i gcás na dtograí nua uile maidir le creat airgeadais ilbhliantúil a leanann treoirlínte SG (ARES (2018)4555072), leasaítear Airteagal 20a chun go gcomhlíonfaidh sé na rialacha inmheánacha ina leith seo.

fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal. I gcás aon chúnamh nó aon chistiú a chuirtear ar fáil faoin gCinneadh seo, tabharfar infheictheacht iomchuí don Aontas, lena n-áirítear tosaíocht do shuaitheantas an Aontais i gcás na n-acmhainneachtaí sin dá dtagraítear in Airteagal 11, in Airteagal 12 agus i bpointe (c) d'Airteagal 21(2).

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an gCinneadh seo, lena gníomhaíochtaí agus lena torthaí. Na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCinneadh seo, beidh siad ina gcuidiú i dtaobh cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1).

   Forbróidh an Coimisiún straitéis cumarsáide chun go mbeidh saoránaigh in ann torthaí nithiúla na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoin Sásra Aontais a fheiceáil.

3. Bronnfaidh an Coimisiún boinn chun gealltanais sheanbhunaithe agus rannchuidiú urghnách le cosaint shibhialta an Aontais a aithint agus a urramú."

(3) Leasaítear Airteagal 30[13] mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 21(3) a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an Chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana."

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 21(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle."

(4) Scriostar Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (a) d'Airteagal 1(1) den Chinneadh seo ón 1 Eanáir 2021.

[13] Faoin am a meastar a ghlacfar an togra seo, ba cheart an t-athbhreithniú atá beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (an togra rescEU), a bheith i bhfeidhm cheana (teacht i bhfeidhm beartaithe an 21 Márta 2019). An leasú a chuirtear i láthair sa doiciméad seo, tagraíonn sé, dá bhrí sin, d'Airteagal 30 mar atá i gCinneadh athbhreithnithe Uimh. 1313/2013/AE.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa *An tUachtarán*	*Thar ceann na Comhairle* *An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Cnuasach clár)*

Déantar foráil leis an togra seo maidir leis na hacmhainní buiséadacha is gá chun tacú le bearta an Aontais i réimse na cosanta sibhialta, go háirithe trí bhíthin Sásra Aontais neartaithe. Cuireann an Sásra leis an gcuspóir uileghabhálach go mbainfear amach "Eoraip a chosnaíonn" mar a thagraítear dó sa Teachtaireacht ón gCoimisiún a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle maidir le creat airgeadais ilbhliantúil nua-aimseartha nua d'Aontas Eorpach a bhainfidh a thosaíochtaí amach go héifeachtúil tar éis 2020[14].

Faoin togra maidir le creat airgeadais ilbhliantúil nua, cuimsítear maoiniú a bhaineann le cosaint shibhialta faoi cheannteideal amháin: Ceannteideal 5 "Slándáil agus cosaint". Is é "Freagairt ar Ghéarchéimeanna", Teideal 14, Caibidil 02 an cnuasach sonrach. Cuimseoidh an cnuasach sin gnéithe inmheánacha agus seachtracha na cosanta sibhialta.

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

☐ **gníomhaíocht nua**

☐ **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[15]**

X síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana

☐ **gníomhaíocht nó gníomhaíochtaí a chumasc nó a atreorú i dtreo gníomhaíocht eile/gníomhaíocht nua**

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

Leis an gCinneadh seo leasaítear imchlúdach airgeadais gníomhaíochta atá ann cheana ionas gur féidir leanúint ar aghaidh leis an mbeart sin le linn thréimhse an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile. Is é is cuspóir foriomlán don reachtaíocht atá ann cheana leanúint de bheith ag neartú an chomhair idir an tAontas agus na Ballstáit agus comhordú a éascú i réimse na cosanta sibhialta le haghaidh cosc, ullmhacht nó freagairt maidir le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine.

Caitear cúnamh airgeadais le haghaidh cosc agus ullmhacht faoin Sásra Aontais i gcomhréir le clár oibre bliantúil arna ghlacadh ag an gCoiste um Chosaint Shibhialta. Déanann an coiste sin na ceanglais agus na critéir a leagan amach maidir le caitheamh na gcistí arna gcur i leataobh.

---

14 COM(2018)98 final.

15 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Tagraíonn an tionscnamh seo don imchlúdach airgeadais atá ar fáil don Sásra Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Dá réir sin, cuirfear chun feidhme é ar bhonn bliantúil ó 2021 ar aghaidh.

Glactar cinneadh airgeadais ar leithligh i ndáil le freagairt ar thubaistí glactha freisin. I bhfianaise a dheacra atá sé tubaistí a thuar, níl aon amlíne ar leith ann maidir leis an gcur chun feidhme. Cuirfear gnéithe uile an Chinnidh chun feidhme go tapa agus/nó nuair is gá.

1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex-ante*):

Is léir de dhroim éigeandálaí a tharla agus taithí a fuarthas go bhfuil bearnaí áirithe sa chosaint shibhialta ar fud na hEorpa. Is soiléire anois na bearnaí sin de dheasca an athraithe aeráide, agus mhinicíocht agus dhéine na dtubaistí. Ba léir sin go háirithe le linn shéasúr na ndóiteán foraoise in 2017. Measadh, dá bhrí sin, go raibh gá leis an athbhreithniú beartaithe ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE an 23 Samhain 2017 (togra rescEU)[16] d'fhonn an Sásra Aontais a neartú.

Comhfhreagraíonn an leithdháileadh buiséid atá beartaithe d'uaillmhianachas thogra an Choimisiúin an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a leasú. A bhuí leis an mbuiséad breise beifear in ann na gníomhaíochtaí a leanas a chur i gcrích:

- acmhainneacht choiteann na mBallstát agus an Aontais a threisiú chun freagairt ar thubaistí trí dhíorma tiomanta acmhainneachtaí freagartha a chruthú (rescEU);
- cómhaoiniú níos mó (nó nua) a fháil ón Aontas chun acmhainneachtaí atá tiomanta don Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta a chur in oiriúint, a dheisiú, a iompar nó a oibriú;
- béim níos mó a chur ar chosc agus ar chomhleanúnachas le príomhbheartais eile de chuid an Aontais a fheabhsú,
- líonra eolais um chosaint shibhialta a chur ar bun, agus;
- comhar le tíortha comharsanachta a neartú.

Breisluach ionchasach AE (*ex-post)*

Ba cheart an méid a leanas a bheith mar thoradh ar an maoiniú dá bhforáiltear sa togra seo:

1) bearna níos lú idir riachtanais na bpobal a d'fhulaing tubaistí agus an cúnamh atá ar fáil a bhuí le cuimsiú (dóchúil) tuilleadh acmhainneachtaí sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta agus cúltaca acmhainneachtaí ar leibhéal an Aontais;

[16] COM(2017)772 final.

2) barainneachtaí scála a eascraíonn as cúltaca “íosta” acmhainneachtaí ar leibhéal an Aontais seachas infheistíocht a dhéanamh i leibhéil ullmhachta as cuimse i ngach Ballstát;

3) comhleanúnachas níos fearr agus naisc níos láidre idir réimsí beartais éagsúla, ag baint an leas is fearr agus is féidir as ionstraimí an Aontais atá ann cheana;

4) éifeachtúlacht mhéadaithe, go háirithe a thapa agus atá tacaíocht le fáil ón Sásra Aontais mar fhreagairt ar thubaistí, agus mar gheall ar shimpliú nósanna imeachta riaracháin freisin.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Tá torthaí spreagúla bainte amach de bhun an tSásra Aontais ó thaobh feidhmíochta de i ngach ceann de na trí cholún (cosc/ullmhacht/freagairt) go dtí seo. Tá tuairim dhearfach ina leith ag na Stáit Rannpháirteacha agus ag na príomhpháirtithe leasmhara i gcoitinne. Ba é sin conclúid fhoriomlán na meastóireachta eatramhaí a rinne comhairleoir seachtrach ar an Sásra Aontais (2014-2016) agus a foilsíodh i mí Lúnasa 2017.

Ba cheacht eile ón meastóireacht eatramhach, agus ón tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[17], é an gá feabhas a chur ar chreat faireacháin an tSásra Aontais ar thorthaí. Áirítear leis sin an cumas tomhas níos fearr a dhéanamh i bhfoirm táscairí cainníochtúla agus bunlínte féideartha chun cúnamh a thabhairt díriú isteach níos mó ar an tionchar le himeacht ama. Thug an Coimisiún táscairí aschuir intomhaiste isteach le haghaidh na ngníomhaíochtaí go léir. Is é sin an chéad chéim i bpróiseas níos fadtéarmaí chun a áirithiú go mbeidh cúnamh airgeadais a chuirfear ar fáil faoin Sásra faoi réir ag cur chuige níos spriocdhírithe.

Is foinse ábhartha eile é forléargas an Aontais ar rioscaí, a bhfuil togra an Choimisiún bunaithe uirthi, chun feidhmiú reatha an tSásra Aontais a fheabhsú[18]. *National risk assessments submitted by Member States were used to produce this overview based on the existing legislation*[An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta: Úsáideadh measúnuithe riosca náisiúnta arna gcur isteach ag na Ballstáit chun an forléargas sin a fháil bunaithe ar an reachtaíocht atá ann cheana].

Déanann an Coimisiún dul chun cinn bunaithe ar an taithí sin atá faighte freisin:

- de dhroim éigeandálaí a láimhseáladh faoin Sásra Aontais ó bunaíodh é in 2001;
- mar thoradh ar na tionscadail a maoiníodh faoi chreat na nglaonna a seoladh ó 2013 maidir le hullmhacht agus cosc; agus
- mar thoradh ar an treoirthionscadal arna mhaoiniú faoi chuimsiú chreat an ghlao a seoladh in 2008 chun an comhar idir na Ballstáit a neartú maidir le dóiteáin foraoise a chomhrac.

[17] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Union Civil Protection Mechanism:* bhí éifeacht den chuid is mó le comhordú na bhfreagairtí ar thubaistí lasmuigh den Aontas Eorpach”, Tuarascáil Speisialta Uimh. 33, 2016.

[18] Doiciméad Inmheánach Oibre, *Overview of Natural and Man-made Disaster Risks the European Union may face* [Forléargas ar rioscaí tubaistí nádúrtha agus rioscaí tubaistí de dhéantús an duine a d’fhéadfadh a bheith i ndán don Aontas Eorpach], SWD (2017) 176 final, 23.5.2017.

1.4.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Comhsheasmhacht le:

– Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil;

– Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí;

– Rialachán (AE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh;

– Rialachán (CE) Uimh. 1717/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2006 lena mbunaítear Ionstraim le haghaidh Cobhsaíochta;

– Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Eorpach um Chosaint Shibhialta;

– Rialachán (AE) Uimh. 375/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil ("an Tionscnamh maidir le Saorálaithe Cabhrach AE");

– Rialachán (AE) 2016/369 ón gComhairle an 15 Márta 2016 maidir le tacaíocht éigeandála a chur ar fáil laistigh den Aontas

– Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X **tréimhse theoranta**

– X i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2027

– X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2020 go 2032 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[19]

X **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– X ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

X **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– X eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (le sonrú);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

[19] Tá sonraí faoi mhodhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais ar láithreán gréasáin Ard-stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Déanfar faireachán rialta ar ghníomhaíochtaí agus ar bhearta a fhaigheann cúnamh airgeadais de bhun na gCinntí sin.

Tá ar an gCoimisiún an Sásra Aontais a mheas i gcomhréir le hAirteagal 34 de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Caitear cúnamh airgeadais le haghaidh cosc agus ullmhacht faoin Sásra Aontais i gcomhréir le clár oibre bliantúil arna ghlacadh ag an gCoiste um Chosaint Shibhialta. Cuireann an Coimisiún an Coiste ar an eolas go rialta faoi chur chun feidhme an chláir oibre. Glactar cinneadh airgeadais ar leithligh i ndáil le freagairt ar thubaistí glactha freisin.

Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an tSásra Aontais roimhe seo, níl athruithe substainteacha ar na bearta bainistíochta atá i bhfeidhm faoi láthair á mbeartú ag an gCoimisiún.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Tá feidhm ag córas rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin Eorpaigh chun a áirithiú go n-úsáidfear na cistí atá ar fáil faoin Sásra Aontais go cuí agus i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí.

Seo mar atá an córas atá i bhfeidhm faoi láthair:

1. An fhoireann rialaithe inmheánaigh atá laistigh den phríomhsheirbhís (an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta /AS ECHO) díríonn sí ar chomhlíonadh na nósanna imeachta riaracháin agus na reachtaíochta atá i bhfeidhm i réimse na cosanta sibhialta. Úsáidtear Creat Rialaithe Inmheánaigh an Choimisiúin chun na críche sin.

2. Iniúchtaí rialta a dhéanann iniúchóirí seachtracha ar dheontais agus ar chonarthaí, a dheonaítear faoin mbuiséad um chosaint shibhialta, ionchorpraítear iad ina n-iomláine i bplean iniúchóireachta bliantúil AS ECHO.

3. Meastóireacht meastóirí seachtracha ar ghníomhaíochtaí foriomlána.

Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise OLAF agus an Chúirt Iniúchóirí na gníomhaíochtaí arna bhfeidhmiú a iniúchadh.

Maidir le maoirseacht agus faireachán, bainfear leas as an taithí fhairsing a gheofar tríd an ionstraim um chabhair dhaonnúil a chur chun feidhme, leis na hathruithe is gá, chun an Sásra Aontais a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

1.1 % de bhainistíocht indíreach ar bhuiséad 2017 agus 0.6 % de bhainistíocht dhíreach ar bhuiséad 2017 atá i gcostas measta straitéis rialaithe AS ECHO. Is iad príomhchodanna an táscaire seo:

– costais iomlána foirne saineolaithe AS ECHO i mbun oibre allamuigh, mar aon le costais iomlána fhoirne na n-aonad airgeadais agus oibríochtúil arna n-iolrú faoin gcion ama measta (50 %) a chuirtear i leataobh le haghaidh gníomhaíochtaí dearbhaithe, rialaithe agus faireacháin cáilíochta;

– líon iomlán na n-acmhainní in earnáil iniúchóireachta seachtraí AS ECHO atá curtha i leataobh le haghaidh iniúchtaí agus fíoruithe.

Nuair a chuirtear san áireamh costas íseal rialuithe den sórt sin mar aon leis na sochair inchainníochtúla (ceartuithe agus aisghabhálacha) agus sochair neamh-inchainníochtúla (éifeacht dhíspreagthach agus éifeacht dearbhaithe cáilíochta rialuithe) a bhaineann leis na sochair sin, tá an Coimisiún in ann a chinneadh gur mó iad sochair inchainníochtúla agus neamh-inchainníochtúla na rialuithe ná costas teoranta na rialuithe sin.

Maidir leis na heintitis ar cuireadh an cúram orthu maidir le maoiniú ón Aontas Eorpach a chur chun feidhme faoi mhodh bainistithe indíreach, íocann an Coimisiún suas le 7 % dá gcostais incháilithe dhíreacha chun maoirseacht agus bainistiú mhaoiniú an Aontais a áirithiú.

Is dearbhú ar an méid sin an ráta earráide iarmharach ilbhliantúil 1.08 % a thuairiscigh an Coimisiún in 2017 dá roinn cosanta sibhialta agus cabhrach daonnúla.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Úsáidtear straitéis frithchalaoise AS ECHO, i gcomhréir le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin, chun an méid a leanas a áirithiú:

– go bhfuil rialuithe inmheánacha AS ECHO a bhaineann le frithchalaois ailínithe ina n-iomláine le straitéis frithchalaoise an Choimisiúin;

– go bhfuil cur chuige AS ECHO maidir le bainistiú riosca calaoise dírithe ar réimsí riosca calaoise agus ar fhreagairtí imleora a shainaithint.

De dhroim na gcóras a úsáidtear chun cistí ón Aontas a chaitheamh i dtríú tíortha is féidir sonraí ábhartha a aisghabháil chun iad a chur isteach sa bhainistiú riosca calaoise (e.g. chun maoiniú dúbailte a bhrath).

Más gá, bunófar grúpaí líonraithe agus uirlisí TF leormhaithe a cheapfar chun anailís a dhéanamh ar chásanna calaoise a bhaineann leis an earnáil.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid nua atá beartaithe

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir agus Ceannteideal	Dif./Neamhdhif[20].	ó thíortha de chuid CSTE[21]	ó thíortha is iarrthóirí[22]	ó thríú tíortha[23]	de réir bhrí Airteagal [21(2) (e)] den Rialachán Airgeadais
5	14 02 01 – An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta: Cosc agus Ullmhacht	Difreáilte	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL
5	14 02 02 – Freagairt an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta	Difreáilte	TÁ	TÁ	TÁ	NÍL

20 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

21 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa. Féadfaidh tíortha CSTE ar chuid den LEE iad dul i bpáirt leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta mar "Stáit Rannpháirteacha" mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)a de Chinneadh 1313/2013/AE.

22 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inar iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí. Féadfaidh na tíortha sin dul i bpáirt leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta mar "Stáit Rannpháirteacha" mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)b de Chinneadh 1313/2013/AE.

23 Chun críche an tábla seo, ba cheart an tagairt do thríú tíortha a thuiscint mar "thíortha Eorpacha eile" nach cuid den Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta iad go fóill, ach a bhféadfadh dul i bpáirt leis sa todhchaí mar a fhoráiltear in Airteagal 28(1)a de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE. Níltear ag súil le haon ranníocaíocht ó thríú tíortha seachas na tríú tíortha thuasluaite.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas[24]

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	**5**	Slándáil agus Cosaint

			2021	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
14 02 01 Cosc agus Ullmhacht an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta	Gealltanais	1	165.464	169.794	173.189	176.653	180.186	183.790	187.368		**1 236.446**
	Íocaíochtaí	2	50.000	92.272	138.419	164.867	169.103	172.994	176.793	271.998	1 236.446
14 02 02 Freagairt an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta	Gealltanais	3	22.000	22.440	22.889	23.347	23.814	24.290	24.776		**163.554**
	Íocaíochtaí	4	8.965	17.000	19.455	19.845	21.432	21.861	22.298	32.698	163.554
IOMLÁN leithreasuithe d'imchlúdach an chláir	Gealltanais	=1+3	**187.464**	**192.234**	**196.078**	**200.000**	**204.000**	**208.080**	**212.144**		**1 400.000**
	Íocaíochtaí	=2+4	58.965	109.272	157.874	184.712	190.535	194.855	199.091	**304.696**	**1 400.000**

[24] "Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn na suimeanna iomlána le chéile."

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2021	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
Acmhainní daonna	21.448	21.665	21.882	22.099	22.099	22.099	22.099		**153.391**
Caiteachas riaracháin eile	1.098	1.107	1.115	1.124	1.124	1.124	1.124		**7.817**
IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**22.546**	**22.772**	**22.997**	**23.223**	**23.223**	**23.223**	**23.223**		**161.208**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2021	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCeannteideal den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	210.010	215.006	219.075	223.223	227.223	231.303	235.367		1 561.208
	Íocaíochtaí	81.511	132.044	180.871	207.935	213.758	218.078	222.314	304.696	1 561.208

3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	21.448	21.665	21.882	22.099	22.099	22.099	22.099	**153.391**
Caiteachas riaracháin eile	1.098	1.107	1.115	1.124	1.124	1.124	1.124	**7.817**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**22.546**	**22.772**	**22.997**	**23.223**	**23.223**	**23.223**	**23.223**	**161.208**

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[25] den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	**22.546**	**22.772**	**22.997**	**23.223**	**23.223**	**23.223**	**23.223**	**161.208**

[25] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina cúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha (FTE)

Blianta		**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)								
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin		102	103	104	105	105	105	105
Toscaireachtaí								
Taighde								
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - CA, LA, SNE, INT agus JED [26] Ceannteideal 7								
Arna maoiniú as CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú	91	92	93	94	94	94	94
	- i dtoscaireachtaí							
Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [27]	- sa cheanncheathrú							
	- i dtoscaireachtaí							
Taighde								
Eile (sonraigh)								
IOMLÁN		**193**	**195**	**197**	**199**	**199**	**199**	**199**

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Léirítear sa tábla seo figiúirí táscacha na riachtanas soláthair foirne ar an iomlán le haghaidh na tréimhse foriomlán 2021-2027. 189 FTE (i.e. foireann atá ag obair i réimse na cosanta sibhialta ón 31 Nollaig 2020) is ea an figiúr bunlíne ar iarradh an fhoireann bhreise ar a bhun. Áirítear san fhigiúr sin na baill foirne a iarradh cheana in 2017 chun tacú leis an togra ón gCoimisiún an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a neartú (togra rescEU). 10 FTE atá i líon iomlán na mball foirne breise a iarradh le haghaidh na tréimhse 2021-27. Tá údar leis an iarraidh sin toisc go dtiocfaidh as an gcomhréiteach a thiocfaidh chun cinn san athbhreithniú ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta córas a bheidh i bhfad níos casta lena chur ar bun agus le bainistiú ná an togra a chur an Coimisiún síos i mí na Samhna 2017. Is é is cúis leis sin na castachtaí riaracháin a bhíonn ag dul i méid agus ar aontaigh an Chomhairle iad a thabhairt isteach, go háirithe forbairt

[26] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[27] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

	chomhpháirteach na sócmhainní arna gcómhaoiniú ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, is gá eilimintí a chuir an Coimisiún i láthair mar chuid den togra reachtach i dtús ama a chinneadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, amhail na hacmhainneachtaí a bheidh i gcúltaca rescEU (e.g. aerchomhrac dóiteáin, foireann éigeandála leighis), chomh maith leis an gcaoi a ndéanfar é a bhainistiú ar bhonn oibríochtúil (amhail an nós imeachta cinnteoireachta dá n-imscaradh a shainiú). Tríd is tríd, iarrfar próifílí dlí, lena n-áirítear saineolaithe soláthair, agus próifílí idirinstitiúideacha chun na cúraimí sin a chomhlíonadh. Tá an iarraidh ar fhoireann bhreise céimnithe thar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile chun go bhféadfaí an próiseas atriallach seo a athdhéanamh i gcás acmhainneachtaí nua éagsúla, agus foireann a choimeád ar bun freisin chun acmhainní atá ann cheana féin a bhainistiú. Dá réir sin, beidh gá le baill foirne bhreise ar dtús chun na gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú agus chun obair leantach a dhéanamh i dtaca leis an bpróiseas reachtaíochta chun an cineál acmhainneachtaí a bheidh ag rescEU (e.g. acmhainneachtaí aerchomhraicthe dóiteáin, foirne éigeandála leighis, acmhainneachtaí chun déileáil le rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha) a shainiú, agus ansin na coinníollacha úsáide a dhréachtú. Tá comhaontú polaitiúil ginearálta ann go mbeidh an chéad ghníomh cur chun feidhme maidir le hacmhainneachtaí rescEU a shainiú dírithe ar acmhainneachtaí aerchomhraicthe dóiteáin. A luaithe agus a bheidh na gníomhartha cur chun feidhme maidir leis na hacmhainneachtaí aerchomhraicthe dóiteáin i bhfeidhm, tosóidh céim forbartha acmhainneachtaí comhraicthe dóiteáin rescEU. Mar atá luaite thuas, d'fhéadfadh an próiseas seo a bheith casta, ós rud é go bhféadfadh roinnt Ballstát páirt a ghlacadh i bhforbairt aon acmhainneacht amháin trí bhíthin comhaontú comhpháirteach soláthair, i gcomparáid le togra bunaidh an Choimisiúin cómhaoiniú a shimpliú agus an chumhacht a thabhairt don Choimisiún sócmhainní a fháil nó a léasú ar a chonlán féin. Cruthóidh ullmhú agus bainistiú comhaontuithe soláthair chomhpháirteacha castachtaí breise nach raibh beartaithe i dtús báire. Beidh sé riachtanach tabhairt faoin bpróiseas sin (acmhainneachtaí agus coinníollacha úsáide a shainiú, acmhainneachtaí a fhorbairt, acmhainneachtaí a úsáid, etc.) athuair maidir le cineálacha eile acmhainneachtaí, amhail acmhainneachtaí éigeandála leighis nó acmhainneachtaí chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha nó núicléacha. Is amhlaidh atá toisc go gcruthaíonn an comhréiteach atá ag teacht chun cinn féidearthacht go gcuirfí raon i bhfad níos leithne acmhainneachtaí san áireamh mar chuid de chúltaca rescEU, seachas mar a bhí beartaithe sa togra bunaidh ón gCoimisiún, nach bhfuil ach ceithre acmhainneacht liostaithe ann. Dá bhrí sin, beidh gá le foireann bhreise le linn thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil ionas gur féidir freagairt ar na riachtanais a thiocfaidh chun cinn, agus leanúint de bhainistiú acmhainneachtaí seanbhunaithe rescEU ag an am céanna. Dá bhrí sin, beidh próifílí lena mbaineann saineolas ábhartha i bpríomhréimsí tábhachtacha cosanta sibhialta ag teastáil chun tacaíocht a thabhairt cineálacha acmhainneachtaí eile a fhorbairt.
Pearsanra seachtrach	Iarrfar foireann sheachtrach freisin chun na róil thuasluaite a chumhdach. Ina theannta sin, féadfaidh foireann sheachtrach saineolas a chur ar fáil freisin maidir le saincheisteanna teicniúla áirithe a bhaineann le hacmhainneachtaí a fhorbairt.

3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– X déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe

Ní féidir rannaíocaíochtaí airgeadais ó thríú tíortha[28] a ríomh ag an gcéim seo ós rud é nár cinneadh na méideanna go fóill.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– X Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Tionchar an togra/tionscnaimh[29]						
	2021	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**
Airteagal …….							

[28] Is é atá i gceist le ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ranníocaíochtaí ó na "Stáit Rannpháirteacha" sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta mar a sonraítear i dTábla 3.1 (thuas) i gcomhréir leis na míniúcháin a tugadh i bhfonóta 21, fonóta 22 agus fonóta 23.

[29] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.